

# Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 01: *Rhino*



Creidiúint íomhá: *Rhino*, 1963, Eitseáil, Jan De Fouw, Gailearaí Ealaíne Crawford

## **Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Ba é Jan De Fouw, dearthóir agus maisitheoir de bhunadh na hÍsiltíre a tháinig chun cónaithe in Éirinn sa bhliain 1951, a rinne an saothar ealaíne clóbhuailte seo. Ba bhreá leis ainmhithe a tharraingt agus chuir daoine an-spéis ina chartúin spráíúla agus léaráidí irisleabhair.

## **Céard é saothar clóbhuailte?**

Is éard atá i gceist le saothar clóbhuailte dearadh nó patrún aistrithe ó dhromchla amháin go dromchla eile. Smaoinigh ar lorg bróige, lorg láimhe nó lorg práta! Rinne Jan De Fouw a phictiúr de shrónbheannach ar bhileog bheag miotail, a bhí clúdaithe le dúch agus brúite ar pháipéar.

## **Seo Linn ag Súgradh!**

An féidir leat ainm a roghnú don srónbheannach?

Céard a d'ith sé dá bhricfeasta ar maidin?

Tabhair ár srónbheannach amach ag siúl.

Cá bhfuil cónaí air meas tú?

I bhforaois thrópaiceach, seascann, lochán lábach mór...

Tarraing roinnt ainmhithe taobh leis ionas nach mbeidh sé leis féin.

An féidir leat dán greannmhar faoin srónbheannach a scríobh?

**An féidir leat smaoineamh ar aon fhocal atá cineál cosúil le srónbheannach?**

- |              |            |            |
|--------------|------------|------------|
| - leathanach | - deannach | - trialach |
| - ceannach   | - brocach  | - scáthach |
| - eangach    | - gealach  | - roghnach |